2023/2728

5.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2728 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Samhain 2023

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht táirge an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Pecorino Crotonese'

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leanfaidh na rialacha is infheidhme roimh an 7 Nollaig 2021 d'fheidhm a bheith acu maidir le hiarratais ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge a gheobhaidh an Coimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 roimh an 8 Meitheamh 2022.

(2) An 24 Eanáir 2022, fuair an Coimisiún iarratas ón Iodáil chun leasuithe a fhormheas ar shonraíocht táirge an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Pecorino Crotonese' atá cláraithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1262/2014 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Scrúdaigh an Coimisiún iarratas na hIodáile i gcomhréir le hAirteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 i gcomhar leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(1) den Rialachán sin de réir mar is infheidhme roimh an 7 Nollaig 2021.

(4) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, de réir mar is infheidhme roimh an 7 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.

(5) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra réasúnaithe faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pecorino Crotonese', is leasú é atá formheasta leis seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1262/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Pecorino Crotonese (ATFC)] (IO L 341, 27.11.2014, lch. 1).
([4]) IO C 288, 17.8.2023, lch. 6.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún